

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/64 ÓN gCOIMISIÚN**an 17 Eanáir 2022**

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta roinnt taraif-chuótaí agus leis na cainníochtaí is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus go hairithe Airteagal 187 agus Airteagal 223(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ⁽²⁾ ón gComhairle, agus go hairithe Airteagal 66(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ⁽³⁾ ón gComhairle, agus go hairithe Airteagal 9, an chéad mhír, pointí (a) go (d), agus Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún, leagtar síos na rialacha maidir le bainistíocht na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairsí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairsiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ⁽⁵⁾ ón gCoimisiún, leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairsí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal “tús freastail ar an gceann is túisce”).
- (3) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Comhlathas na hAstráile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/2234 ⁽⁶⁾ ón gComhairle, déantar roinnt taraif-chuótaí a leasú maidir le cainníochtaí táirgí atá le hallmhairsí ón Astráil.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

⁽³⁾ IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairsí i gcomhréir leis an bprionsabal “tús freastail ar an gceann is túisce” (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).

⁽⁶⁾ Cinneadh (AE) 2021/2234 ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Astráil de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 452, 16.12.2021, lch. 1).

- (4) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hIndinéis de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/1197 ⁽⁷⁾ ón gComhairle, déantar roinnt taraif-chuótaí a leasú maidir le cainníochtaí táirgí atá le hallmhairiú ón Indinéis.
- (5) Na leasuithe a rinneadh leis na Comhaontuithe sin, ba cheart iad a léiriú in Iarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988.
- (6) Thairis sin, chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cainníochtaí a chumhdaítear le ceadúnais allmhairiúcháin maidir leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4003, chomh maith leo siúd a liostaítear cheana in Airteagal 16(8) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.
- (7) Leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Astráil, cuirtear deireadh leis an roinnt sna fothréimhsí maidir leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4129. Ba cheart an leasú sin a léiriú in Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.
- (8) I gcás an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4002, tosaíonn an tréimhse tharaif-chuóta an 1 Iúil. Is iomchuí a shoiléiriú in Airteagal 43(9) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 go bhfuil bailíocht 3 mhí ón 1 Iúil ag ceadúnais allmhairiúcháin a eisíodh roimh thús na tréimhse taraif-chuóta.
- (9) Foráiltear le hAirteagal 72(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 go bhfuil an chainníocht le sloinneadh in aonaid iomlána, arna slánú suas. Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha maidir le slánú suas a leagtar síos i dTeideal II, Grúpa 6 (Sainaitheint earraí), d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ⁽⁸⁾ ón gCoimisiún agus in Airteagal 8(2), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ⁽⁹⁾ ón gCoimisiún, ba cheart, sna deimhnithe barántúlachta agus sna deimhnithe maidir le socruithe faireacháin isteach (IMA 1) arna n-eisiúint ag tríú tíortha chun taraif-chuótaí áirithe a bhainistiú, an chainníocht a thabhairt le fios a n-úsáidtear na taraif-chuótaí lena haghaidh, arna slánú ina cileagraim.
- (10) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/1213 ⁽¹⁰⁾ ón gComhairle, méadaíodh an chainníocht a bhí ar fáil le haghaidh an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4168 maidir le rís de thionscnamh gach tíre seachas an Ríocht Aontaithe. Leis an gComhaontú sin cruthaíodh dhá tharaif-chuóta nua freisin lena ngabhann na tsraithuimhreacha 9.4289 agus 9.4290 maidir le héanlaith de thionscnamh na hAirgintíne. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1401 ⁽¹¹⁾ ón gCoimisiún, rinneadh na

⁽⁷⁾ Cinneadh (AE) 2021/1197 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hIndinéis de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 260, 21.7.2021, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe i dtaca le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gcóras ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin (IO L 206, 30.7.2016, lch. 44).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 264, 26.7.2021, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1401 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí áirithe (IO L 302, 26.8.2021, lch. 1).

leasuithe comhfhreagracha ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, lena n-áirítear sa tábla maidir le taraif-chuóta 09.4168 in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, agus sna táblaí maidir leis na taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4213 agus 09.4412 in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin, mar a bhfuil an Airgintín le feiceáil i measc na dtíortha nach ceart na táirgí a theacht uathu. Sa ghníomh leasaitheach sin, áfach, maidir leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4168, níor coigeartaíodh leithdháileadh na cainníochta nua i measc a fhothréimhsí, ná níor áiríodh tagairt don Airgintín sa ró “Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas” sna táblaí maidir leis na taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4213 agus 09.4412.

- (11) In Airteagal 47(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, déantar teocht feola reoite a shainiú le tagairt don iontráil i gcríoch chustaim an Aontais, ach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, déantar tagairt don scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas. Chun comhsheasmhacht a áirithiú agus aon riosca míchéille a sheachaint, ba cheart foclaíocht Airteagal 20(1) agus Airteagal 24(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a ailíniú le foclaíocht Airteagal 47(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.
- (13) Na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le tréimhsí taraif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart, áfach, feidhm a bheith ag na leasuithe ar na taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4129, 09.4521, 09.4522, 09.4213 agus 09.4412 amhail ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnas tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (14) Ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar Airteagal 20(1) agus Airteagal 24(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 amhail ó na tréimhsí taraif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. An leasú maidir leis na taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.0126, 09.2105, 09.2106, agus 09.2012, ba cheart feidhm a bheith aige amhail ó thús na dtréimhsí taraif-chuóta atá ar siúl fós.
- (15) Is gá forálacha idirthréimhseacha áirithe a leagan síos maidir le tréimhsí taraif-chuóta atá ar siúl fós a oiriúnú do na cainníochtaí a bheidh ar fáil tar éis na leasuithe a dhéanfar leis an Rialachán seo. Go sonrach, maidir leis na taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.0126, 09.2105, 09.2106, agus 09.2012, ba cheart oibreoirí a d'allmhairigh earraí lasmuigh den chuóta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a aisíoc ar iarratas uathu.
- (16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. I gcás na bhfógraí don Choimisiún dá dtagraítear sa Rialachán seo agus a bhaineann le taraif-chuótaí mairteola agus laofheola lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4450, 09.4451, 09.4452, 09.4453, 09.4454, 09.4002, 09.4003, 09.4455, 09.4001 agus 09.4004, sloinnfear na cainníochtaí ina gcileagraim de tháirgemheáchan, de réir na tíre tionscnaimh agus de réir na catagóire táirge mar a shonraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo. I gcás an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4003, ní gá fógra a thabhairt faoin tír thionscnaimh.”;

- (2) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

- (a) sa tríú mír, scriostar an tsraithuimhir “09.4129”;
- (b) sa cheathrú mír, scriostar an tsraithuimhir “09.4129”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú mír:

“Cainníochtaí faoi na sraithuimhreacha taraif-chuóta 09.4127, 09.4128 agus 09.4130 nár úsáideadh nó nár leithdháileadh le linn na bhfothréimsí roimhe sin, aistrefar iad go dtí an tsraithuimhir tharaif-chuóta 09.4138 amhail ón 1 Deireadh Fómhair gach bliain. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le cainníochtaí a bhaineann leis an tsraithuimhir tharaif-chuóta 09.4129 nár leithdháileadh roimh an 1 Meán Fómhair nó nár úsáideadh roimh an 1 Deireadh Fómhair.”;

(3) in Airteagal 43, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Ceadúnais allmhairithe a eisítear maidir leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4002, beidh siad bailí ar feadh 3 mhí ón dáta a eisíodh gach ceann díobh. Ceadúnais a eisíodh roimh thús na tréimhse taraif-chuóta, beidh siad bailí ar feadh 3 mhí ón 1 Iúil.”;

(4) in Airteagal 72, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Déanfaidh údarás eisiúna na gceadúnas nóta, ar an deimhniú barántúlachta nó an deimhniú IMA 1 agus ar a chóip de, d'uimhir eisiúna an cheadúnais agus den chainníocht ar úsáideadh an doiciméad sin lena haghaidh. Sloinnfear an chainníocht ina haonaid iomlána, arna slánú go dtí an cileagram is gaire i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 8(2), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239. Coinneoidh údarás eisiúna na gceadúnas an deimhniú barántúlachta nó an deimhniú IMA 1. Seolfar an chóip ar ais chuig an iarratasóir lena húsáid le haghaidh nósanna imeachta custaim i gcás ina dtugtar an méid sin le fios i dTeideal III den Rialachán seo.”;

(5) Leasaítear larscríbhinní III, IV, VIII, IX, agus XII i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Chun críocha an Rialacháin seo, maidir leis na taraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.0142 agus 09.0143, an chiall a bheidh le ‘scairt thanaí reoite’ scairt thanaí atá reoite agus teocht inmheánach – 12 °C nó níos ísle aici nuair a thagann sí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.”;

(2) in Airteagal 24(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“ (a) ciallaíonn ‘feoil reoite’ feoil ag a bhfuil teocht inmheánach – 12 °C nó níos ísle nuair a thagann sí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.”;

(3) Leasaítear larscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

1. Mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 4 den Rialachán seo ná in Iarscríbhinní II go XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, i gcás ina bhfuil tús curtha cheana leis an tréimhse tharaif-chuóta a bhaineann le taraif-chuóta ar leith ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfear an difríocht idir an chainníocht nua agus cainníochtaí a leithdháileadh cheana ar fáil d'iarratais a thaiscfear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Chun críocha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, is í an difríocht idir an chainníocht nua agus na cainníochtaí a leithdháileadh cheana roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an chainníocht a bheidh ar fáil don chuid eile den tréimhse tharaif-chuóta a bheidh ar siúl fós an lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

I gcás taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.2105, 09.2106 agus 09.2012, má tá an chainníocht a bhí ar fáil roimhe sin ídithe ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar an difríocht idir an chainníocht nua agus an chainníocht roimhe sin a leithdháileadh ar oibreoirí ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis an dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Oibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí lasmuigh den chuóta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, aisíofar iad ar iarratas uathu agus a mhéid agus is féidir sin bunaithe ar iarmhéid an taraif-chuóta, fad is gur íocadh an difríocht sa dleacht cheana.

I gcás an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.0126, nach raibh aon chainníocht ar fáil ina leith roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, aisíofar oibreoirí ar iarratas uathu agus a mhéid agus is féidir sin bunaithe ar iarmhéid an taraif-chuóta, fad is gur íocadh an difríocht sa dleacht cheana.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 maidir leis na taraif-chuótaí lena mbaineann ón gcéad tréimhse tharaif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh feidhm, áfach, ag Airteagal 1, pointe (2), agus pointí (1) agus (4) agus pointe (5) (b) d'Iarscríbhinn I amhail ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnas tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, pointí (1) agus (2), ó na tréimhsí taraif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh feidhm ag Airteagal 2, pointe (3), amhail ó thús na dtréimhsí taraif-chuóta atá ar siúl fós.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní III, IV, VIII, IX agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4129 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Fothréimhsí taraif-chuóta':

"Fothréimhse tharaif-chuóta"	An 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair
-------------------------------------	---------------------------------------

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht ina cileagraim':

"Cainníocht ina cileagraim"	240 000 kg
------------------------------------	------------

(b) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4168, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht ina cileagraim':

"Cainníocht ina cileagraim"	28 360 000 kg, arna roinnt mar a leanas: 28 360 000 kg le haghaidh na fothréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair Tabhairt anonn ón bhfothréimhse roimhe sin, le haghaidh na fothréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig
------------------------------------	---

(2) in Iarscríbhinn IV, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4317, sa ró "Cainníocht ina cileagraim", cuirtear an chainníocht "9 925 000 kg" in ionad "4 961 000 kg";

(3) in Iarscríbhinn VIII, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4451, sa ró "Cainníocht ina cileagraim", cuirtear an chainníocht "3 389 000 kg" in ionad "2 481 000 kg";

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4521, sa ró "Cainníocht ina kg", cuirtear an chainníocht "1 113 000 kg" in ionad "3 711 000 kg";

(b) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4522, sa ró "Cainníocht ina kg", cuirtear an chainníocht "150 000 kg" in ionad "500 000 kg";

(5) Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4213, cuirtear an méid seo a leanas in ionad "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas":

"Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas"	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle, na Téalainne, na hAirgintíne ná na Ríochta Aontaithe'
---	---

(b) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4412, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

"Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas"	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle, na Téalainne, na hAirgintíne ná na Ríochta Aontaithe'
---	---

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

- (1) sa roinn faoin gceannteideal ‘Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach’, tar éis an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.0125, cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.0126:

Sraithuimhir	09.0126
Bunús sonrach dlí	Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hIndinéise de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (‘CGTT’) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (*), arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/1197 (**) ón gComhairle.
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Casabhach (cassava), ionaim (<i>Dioscorea spp.</i>), taró (<i>Colocasia spp.</i>), yautia (<i>Xanthosoma spp.</i>), ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil cion ard stáirse iontu ex 0714 10 00 (féach cóid TARIC) mar a shainítear in Airteagal 7 den Rialachán seo 0714 30 00 0714 40 00 0714 50 00 0714 90 20
Cóid TARIC	0714 10 00 10 0714 10 00 99
Tionscnamh	An Indinéis
Cainníocht	165 000 000 kg de ghlanmheáchan
Tréimhse tharaif-chuóta	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuóta	Neamhbhainteach
Cruthúnas tionscnaimh	Deimhniú tionscnaimh arna eisiúint ag údaráis inniúla, i gcomhréir le hAirteagal 57 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	6 % <i>ad valorem</i>
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Neamhbhainteach
Coinníollacha sonracha	Neamhbhainteach

(*) IO L 260, 21.7.2021, lch. 3.

(**) Cinneadh (AE) 2021/1197 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hIndinéise de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 260, 21.7.2021, lch. 1).;

- (2) sa roinn faoin gceannteideal ‘Taraif-chuótaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair’, sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.2105, 09.2106, 09.2012, sa ró ‘Cainníocht’, cuirtear an chainníocht ‘5 851 000 kg’ in ionad ‘3 837 000 kg’.